Coláiste Eoin

Polasaí Úsáide Inghlactha Ríomhairí agus Idirlín

1. Réamhrá

Tá córais ríomhaireachta éagsúla i gColáiste Eoin le húsáid ag daltaí, múinteoirí, foireann agus ranna ábhair chun tacú leis na cláir oideachasúla atá i bhfeidhm sa Choláiste. Is chun críche oideachasúla, forbartha acadúil, taighde agus seirbhíse poiblí na córais seo. Tá dualgas orthu siúd a bhaineann úsáid astu iad a úsáid go héifeachtach ag cur riachtanais morálta, dlíthiúla agus cearta pearsanta san áireamh.

Tá sé mar aidhm ag an Polasaí Úsáide Inghlactha na rialacha a chinntíonn úsáid inghlactha na gcóras ríomhaireachta a leagan síos. Tá cosc ar aon úsáid do-ghlactha agus beidh aon úsáid do-ghlactha ina bunús le cailliúint chearta úsáidte ríomhaireachta agus freisin ina bunús le smachtbhannaí scoile nó dlí.

Tá sé mar aidhm ag an Polasaí Úsáide Inghlactha freisin a chinntiú go bhfaighidh daltaí buntáistí as na deiseanna foghlama a chuireann acmhainní ríomhaireachta an Choláiste ar fáil ar bhealach sábháilte agus éifeachtach. Féachtar ar úsáid agus ar rochtain ríomhaireachta agus Idirlín mar acmhainn agus mar phribhléid scoile.

Tá sé i gceist go ndéanfaidh ionadaithe scoile agus tuismitheoirí athbhreithniú rialta ar an Polasaí Úsáide Inghlactha. Sula síneoidh daltaí nó tuismitheoirí aonair an Polasaí Úsáide Inghlactha ba chóir é a léamh go cúramach lena léiriú go dtuigtear agus go nglactar le coinníollach na húsáide.

Cruthaíodh an leagan seo den Polasaí Úsáide Inghlactha ar 6 Meitheamh 2013 ag Stiofán Ó Breacáin agus ag Finín Máirtín. Glacadh leis ag cruinniú den Bhord Bainistíochta ar 12 Meitheamh 2013.

2. Scóp

Caithfidh gach duine a bhaineann úsáid as córais ríomhaireachta Choláiste Eoin an Polasaí Úsáide Inghlactha seo a léamh, a thuiscint agus cloí lena bhfuil ann chomh maith le rialacháin nó treoracha eile a eisíonn an Coláiste.

3. Cearta

Is cuid de shealúchas Choláiste Eoin iad na fearais ríomhaireachta, na háiseanna agus na cuntais scoile agus is Coláiste Eoin a chuireann i bhfeidhm iad. Forchoimeádann an Coláiste gach ceart atá bainteach leis na hacmhainní ríomhaireachta a bhaineann leis, agus i measc na gcearta seo tá an ceart críoch a chur láithreach leis na hacmhainní seo.

4. Pribhléidí

Cuirtear rochtain agus pribhléidí úsáidte chórais ríomhaireachta Choláiste Eoin ar fáil trí fhoireann ríomhaireachta an Choláiste. Is féidir le daoine ar leith bheith ina n-úsáideoirí incheadaithe ar an gcóras agus rochtain agus pribhléidí ar leith acu trí chéimeanna áirithe a leanúint.

Sé an Comhordaitheoir Teicneolaíochta Eolais agus Faisnéise (TEF), Máistir Ó Breacán, a chinnteoidh cé ag a mbeidh cead úsáidte na gcóras ríomhaireachta agus is é a eiseoidh cuntais agus pasfhocail.

Níl sé de chead in aon slí ag úsáideoir an cead nó na pribhléid seo a aistriú go duine eile. Ní bheidh cead ag aon úsáideoir eile cuntas nach mbaineann leis a úsáid ach amháin le cead ar leith ón Comhordaitheoir TEF. Siad na húsáideoirí incheadaithe atá freagrach as úsáid chuí an chórais, cosaint pasfhocail san áireamh.

5. Freagrachtaí

Siad úsáideoirí an fhearais ríomhaireachta atá freagrach as a chinntiú:

- Go roinntear rochtain ar acmhainní ríomhaireachta an Choláiste go cothrom idir na húsáideoirí.
- Go gcruthaítear atmaisféar inar féidir le foghlaim tarlú:

  Nach dtabharfar bia nó deoch isteach i seomra ríomhaireachta. Iarrfar ar aon duine a dhéanann amhlaidh fágáil agus d'fhéadfaí a chuid pribhléidí a ghearradh.

  Nach dtarlóidh droch-iompar de shórt ar bith. Má tharlaíonn iarrfar ar an úsáideoir a ríomhaire a dhúnadh síos agus obair scríofa eile a dhéanamh.

  Nach ndéanfar ciapadh nó ráitis clúmhillteacha. Má dhéantar glacfaidh an t-úsáideoir freagracht iomlán as a ghníomhaíochtaí. Chomh maith le sin beidh an fhreagracht iomlán orthu siúd a tharchuireann na ráitis seo chuig nó ón gColáiste as a ngníomhaíochtaí. Má tharchuirtear a leithéid trí chórais ríomhaireachta Choláiste Eoin, bíodh sé soiléir nach dtacaíonn Coláiste Eoin lena leithéid.

  Cuireann roinnt de chórais ríomhaireachta Choláiste Eoin rochtain ar líonraí seachtracha, poiblí agus príobháideacha ar fáil. Cuireann na líonraí seo seirbhísí ríomhphoist, seirbhísí eolais, comhdhálacha &rl ar fáil. Ní mór d'úsáideoirí a thuiscint go mb'fhéidir go dtiocfaidís ar ábhar a bheadh ionsaitheach, gránna nó mí-oiriúnach. Tá sé tábhachtach a thuiscint nach bhfuil Coláiste Eoin freagrach as a leithéid ná as na líonraí seachtracha.

  Aontaíonn an t-úsáideoir go gcaithfidh sé/sí cloí leis na treoirlínte úsáidte inghlactha maidir le pé líonra nó seirbhís ar a n-éiríonn leo rochtain a dhéanamh trí chórais Choláiste Eoin.

  Aontaíonn an t-úsáideoir béasaíocht cheart a leanúint ar líonraí seachtracha ar a bhfaigheann sé/sí rochtain trí chórais ríomhaireachta Choláiste Eoin.

  Aontaíonn an t-úsáideoir gan aon iarracht a dhéanamh teachtaireacht a bhfuil foinse míthreorach ag baint leis a tharchur nó a bheith ina chúis tarchurtha uirthi. Aontaíonn an t-úsáideoir freisin, sa chás go gcuireann duine éigin teachtaireacht nó go bhfuil sé ina chúis tarchurtha teachtaireachta nach mbaineann le timpeallacht foghlama a chruthú nó a bhfuil foinse míthreorach léi, sé an té a rinne an tarchur a bheidh freagrach as an teachtaireacht agus ní Coláiste Eoin toisc nach bhfuil an Coláiste ach ag feidhmiú mar iompróir eolais.

- Go gcruthaítear timpeallacht atá saor ó ghníomhaíochtaí mailíseacha nó in aghaidh na dlí:

  Aontaíonn an t-úsáideoir gan córas ríomhaireachta a úsáid riamh chun gníomh mailíseach nó in aghaidh na dlí a dhéanamh. Féachfar ar aon iarracht chun an leibhéal rochtain atá ceadaithe dó / di a mhéadú nó aon iarracht chun teacht aon úsáideora eile ar acmhainní nó ar rochtain ar chóras ríomhaireachta ar bith i gColáiste Eoin mar ghníomh mailíseach agus b'fhéidir mar ghníomh neamhdhleathach.

Glacann an t-úsáideoir leis go bhfuil sé faoi cheangal ag na téarmaí agus na coinníollacha atá leagtha síos san Acht um Chosanta Sonraí (1998) agus san Acht um Shaoráil Faisnéise (1997). Glacann sé freisin gur faoi atá sé a chearta mar shaoránach agus a fhreagrachtaí de réir na n-achtanna seo a bheith ar eolas aige.

Caithfear riachtanais dlí agus riachtanais eile a shásamh faoi mar atá leagtha síos níos déanaí sa doiciméad seo. Glacann gach úsáideoir leis go bhfeidhmeoidh sé faoi théarmaí agus faoi choinníollacha na Dlithe Éireannacha bainteacha eile seo.

- Timpeallacht shlán:

  Coimeádfar doirse an Seomra Ríomhaireachta faoi ghlas nuair nach bhfuil sé in úsáid.

  Níl sé de chead ag úsáideoir ar bith meán stórála (cipín cuimhne &rl) nach mbaineann le Coláiste Eoin a úsáid. Cuirfear meáin stórais ar fáil trí Coláiste más gá.

  Má thagann aon úsáideoir ar theip slándála ar bith nó ar aon deacracht theicneolaíochta ar bith, tá sé de dhualgas air/uirthi an Comh-ordaitheoir TFE nó údaráis an Choláiste a chur ar an eolas faoi láithreach. Ní cóir an córas a úsáid go dtí go bhfiosraítear an fhadhb.

  Níl cead eolas ar phasfhocail nó lúb ar lár i gcóras slándála ríomhaireachta a úsáid chun damáiste a dhéanamh d'acmhainní ríomhaireachta, chun teacht ar acmhainní breise, chun acmhainní a thógáil ó dhuine eile, chun rochtain gan údarás a fháil ar acmhainní nó chun úsáid a bhaint i slí ar bith as acmhainní ríomhaireachta nach bhfuil cead úsáidte tugtha ina leith.

  Tá úsáideoirí freagrach as cóip chúltaca dá sonraí féin a dhéanamh. Déanfaidh an Comhordaitheoir TFE glanadh ar an líonra a eagrú ó am go chéile. Cuirfear úinéirí comhaid ar an eolas faoi seo roimh ré má bhíonn sé seo praiticiúil.

  Caithfidh gach úsáideoir bheith eolach ar conas logáil amach as an gcóras agus é seo a dhéanamh ag deireadh gach seisiún. Má iarrann múinteoir ar úsáideoir, ní mór dó/di a chinntiú go ndúntar síos na córais ar fad sa tslí cheart nuair a bhíonn siad críochnaithe á n-úsáid.

6. Straitéis na Scoile

Bainfidh an scoil leas as roinnt straitéisí chun cur chomh mór agus is féidir le deiseanna foghlama ar ríomhairí agus ar an idirlíon ach ag an am céanna ag coimeád na rioscaí a bhaineann le sin chomh híseal agus is féidir. Is iad seo a leanas na straitéisí sin:

Go Ginearálta

- Déanfaidh múinteoir maoirsiú ar sheisiúin ranga idirlín i gcónaí.
- Bainfear leas as bogearraí scagtha agus/nó córais chomhionanna chun an riosca a bhaineann le hábhar míchuí a nochtadh a laghdú.
- Cuirfear eolas ar fáil do dhaltaí agus do mhúinteoirí maidir le sábháilteacht idirlín.
- Ní cheadaítear íoschóipeáil nó uaslódáil a dhéanamh ar bhogearraí míchuí.
- Bainfear leas as bogearraí cosanta víreas agus tabharfar é suas chun dáta go rialta.
- Ní mór do dhaltaí cead a fháil ón múinteoir chun cipíní pearsanta, CD-ROM nó córais stórála digiteacha eile a úsáid ar scoil.

- Cleachtóidh na daltaí dea "netiquette" (i.e. etiquette ar an Idirlíon) ag gach tráth, léireoidh siad meas ar dhaoine eile i gcónaí agus ní thabharfaidh siad faoi aon ghníomh a tharraingeodh droch-cháil ar an scoil.

An Gréasán Domhanda

- Is chun críocha oideachais amháin a bhainfidh daltaí úsáid as an idirlíon.
- Ní rachaidh mic léinn d'aon ghnó chuig láithreáin idirlín ar a mbeidh ábhair graostacha, mídhleathacha, fuatha no a bheidh míchuí ar bhealach eile.
- Tabharfaidh daltaí tuairisc láithreach don mhúinteoir atá i bhfeighil ma tharlaíonn tri thimpiste go dtéann siad isteach i suíomh míchuí.
- Ní chóipeálfaidh daltaí eolas isteach ina gcuid oibre fin gan trácht a dhéanamh don bhun-fhoinse (cliseadh ar chóipcheart no plagiarism).
- Ní nochtóidh daltaí aon eolas pearsanta ar an idirlíon.
- Níl cead ag daltaí ábhair nó íomhánna nach mbaineann lena gcuid staidéir a íoslódáil.
- Bíodh a fhios ag daltaí go bhféadfadh aon úsáid lena n-áirítear eolas a dháileadh nó a fhail, cibé obair scoile nó nithe pearsanta, a bheith faoi mhonatóireacht o thaobh ghníomhaíocht neamhghnách, slándáil, no cúiseanna bainistíochta gréasáin.

Ríomhphost

- Úsáidfidh daltaí cuntais ríomhphoist cheadaithe faoi mhaoirseacht no le cead múinteora.
- Ni sheolfaidh agus ní bhfaighidh daltaí aon ábhar a bheidh mídhleathach, graostach ná míchlúiteach no a bhfuil se i gceist leis cur as do dhuine eile nó imeaglú a dhéanamh air/uirthi.
- Ní fhoilseoidh daltaí a shonraí pearsanta féin ná sonraí daoine eile, go háirithe nithe ar nós seoltaí, uimhreacha fóin no pictiúir.
- Tabharfaidh daltaí ar aid gur le cead on múinteoir amháin a fhéadfaidh daltaí aguisíní le ríomhphoist a fháil agus a sheoladh.

Comhrá Idirlín

- Ní bheidh rochtain ag daltaí ar sheomraí comhrá, ar fhóraim chomhrá agus ar fhóraim leictreonacha cumarsáide eile ach de réir mar a bheidh ceadaithe ag an scoil.
- Ní bhainfear leas as seomraí comhrá, fóraim phlé agus fóraim chumarsáide leictreonacha eile ach amháin chun críche oideachais agus déanfar monatóireacht ar seo.
- Bainfear úsáid as ainmneacha úsáideoirí chun fíor-chéannacht a cheilt.
- Tá cosc iomlán ar chruinniú duine le duine nach bhfuil aithne agat orthu cheana a eagrú tri chomhrá idirlín nó trí ríomhphost.

Suíomh Idirlín Scoile

- Tabharfar deis do dhaltaí tionscnaimh, obair ealaíne no obair scoile a fhoilsiú le cead múinteora amháin.
- Déanfaidh múinteoir comhordú ar fhoilsiú obair daltaí.
- Foilseofar obair dhaltaí i gcomhthéacs oideachais ar leathanaigh gréasáin le fógra cóipchirt a choiscfidh obair den sórt sin a chóipeáil gan cead sonrach i scríbhinn.

- Níl cead grianghraif dhigiteacha, clibeanna éisteachta no físe de dhaltaí aonair a fhoilsiú ar an ngréasán scoile. Díreoidh grianghraif agus clibeanna éisteachta agus físe ar ghníomhaíochtaí gr upaí. D'fhéadfadh clibeanna físe cosaint pasfhocal a bheith ag dul leo.
- Ní chuirfear eolas pearsanta faoi dhaltaí ar nós seoladh baile agus sonraí teagmhála ar leathanach gréasáin na scoile.
- Coimeádfaidh daltaí úinéireacht ar an gcóipcheart ar aon obair a fhoilseofar.

7. Cuntais

Sé an Comhordaitheoir TEF amháin a chuirfidh pasfhocail ar fáil nó ar ceal. Nil cead ag aon duine cuntas seachas an ceann atá ainmnithe dó/di a úsáid gan cead ar leith ón gComhordaitheoir. Tá an úsáideoir freagrach as úsáid cheart an chuntais, cosaint cheart ar an bpasfhocal san áireamh.

Tá an úsáideoir freagrach as obair ar bith a dhéantar trí cuntas agus a tharchuirtear chuig nó ón gcuntas. Tá sé/sí freisin freagrach as cothabháil comhaid agus fillteáin a chruthaítear laistigh den chuntas.

8. Rúndacht

Tá cláir agus comhaid faoi rún seachas iad a bheith á gcur ar fail, le cead scríofa, do úsáideoirí údaraithe eile. Forchoimeádann an Comhordaitheoir TEF an ceart rochtain a dhéanamh ar an eolas ar fad atá stóráilte ar ríomhairí seachas iad siúd atá in úsáid ag an mbainistíocht shinsearach. Cuirfear in iúl d'úinéirí comhaid roimh ré faoi rochtain ar chomhaid agus/nó faoi chothabháil má tá sé sin indéanta go praiticiúil. Nuair a bhíonn obair chothabhála á dhéanamh, déantar gach iarracht príobháideacht comhaid úsáideora a chinntiú. Ach, má thagtar ar shárú príobháideachta, tabharfar tuairisc ina leith láithreach.

9. Úsáid an Chórais

Tá sé ábhachtach go dtuigfeadh úsáideoirí go ndéantar a ngníomhaíochtaí ríomhaireachta ar fad a thraiceáil agus a logáil mar chóras tagartha. Tá sé de cheart ag an Comhordaitheoir TEF na logaí sin a scrúdú ag am ar bith. Má thagtar ar sháraithe polasaí, tabharfar tuairisc orthu láithreach.

Is chun gníomhaíochta scoile amháin atá áiseanna cumarsáide leictreonaigh (ar nós ríomhphoist) ar fáil. Níl cead teachtaireachtaí, nó ábhair bréige, ciaptha nó gáirsiúla a sheoladh nó a stóráil.

Tá cead ag dalta ar bith na háiseanna ríomhaireachta a úsáid lasmuigh d'am ranga má bhraitheann Comhordaitheoir TEF go bhfuil an dalta inniúil chuige.

Is féidir leis an bhfoireann teagaisc an Seomra Ríomhaireachta a úsáid le grúpaí ag am ar bith seachas taifead a bheith déanta ar na tréimhsí trí pé próiseas áirithinte atá i bhfeidhm ag an am. Tógann ranganna atá ar an gclár ama agus ranganna a chuirtear in áirithe tús áite ar aon ranga eile.

10. Feidhmiú an Chórais

Ní ceart do dhuine ar bith iarracht a dhéanamh feidhmiú córas ríomhaireacht a dhíghrádú d'aon ghnó nó acmhainní nó rochtain córas ríomhaireachta scoile a cheilt ar fhoireann údaraithe.

11. Rochtain Neamhúdaraithe

Ní coir lúb ar lár i gcóras slándála ríomhaireachta nó eolas ar phasfhocal speisialta a úsáid chun damáiste a dhéanamh do chórais ríomhaireachta, teacht ar acmhainní breise, acmhainní a thógáil ó úsáideoir eile, rochtain a fháil ar chóras nó ar chórais nach bhfuil cead úsáidte údaraithe ag an duine orthu.

12. Cóipcheart

Níl cead bogearra ríomhaireacht atá faoi chosaint ag cóipcheart a chóipeáil i iomlán nó i bpáirt, cóipeáil isteach ann nó é a úsáid trí mheán acmhainní ríomhaireachta Choláiste Eoin ach, ar a cheadaítear faoin dlí nó trí chonradh le húinéir an chóipchirt. Ciallaíonn sé sin nach féidir bogearraí ríomhaireachta a chóipeáil ach amháin chun cóipeanna cúltaca a dhéanamh, má cheadaíonn úinéir an chóipchirt é sin. Ní féidir líon na gcóipeanna ná dáileadh na gcóipeanna a dhéanamh sa tslí go mbeidh líon na n-úsáideoirí sa scoil níos mó na líon na mbunchóip a ceannaíodh sa scoil.

13. Cosaint ó Víris

Is é atá i víreas ríomhaireachta ná blúirí de bhogearraí a cheanglaíonn iad féin do bhlúirí bogearraí nó sonraí eile, gan chead úsáideora an ríomhaire, agus a bhfuil a gclár ríomhaireachta déanta sa tslí go méadóidh a líon ar ríomhairí eile ag cruthú damáiste nó cur isteach éigin. Tá sé riachtanach go nglacfadh gach úsáideoir páirt i gcinntiú go gcosnaítear an líonra ó víris.

Sé polasaí Choláiste Eoin ná bogearraí cosanta víris atá suas chun dáta a rith ar gach ríomhaire ata nasctha leis an líonra. Tabharfaidh an bogearra tuairisc go huathoibreach ar láithreach formhór na víreas. Má fhaigheann aon úsáideoir fógra ar an scáileáin ón mbogearra seo, ba chóir dó/di éirí as úsáid an ríomhaire láithreach agus tuairisc a thabhairt láithreach do mhúinteoir nó don Chomhordaitheoir TEF.

Is féidir le víris iad féin a nascadh go furasta le meáin stórála iniompraithe agus is é seo ceann de na príomh slite ina méadaíonn siad a líon. Cuirfidh na bogearraí a úsáidtear chun cosc a chur ar dhaltaí útamáil le suiteáil ríomhairí cosc freisin go pointe ar rochtain a fháil ar na meáin iniompraithe seo. Ach níl sé seo go hiomlán slán. Freisin tarlóidh sé go mbeidh ócáidí ann ina dteastóidh ó dhaltaí agus ó mhúinteoirí sonraí a aistriú chuig agus on líonra ar mheáin iniompraithe m.sh. chun obair bhaile a chur isteach. Chun é seo a cheadú agus chun slándáil an chórais a chosaint a chinntí ag an am céanna, sé polasaí Choláiste Eoin ná go ndéanfar aon mheán iniompraithe a scanadh do víris sula ndéantar rochtain air trí ríomhaire ar bith ar an líonra. Ní mór iad seo a athscanadh arís gach uair a úsáidtear iad i ríomhaire lasmuigh den líonra. Iarrtar ort fógra réasúnta a thabhairt má bhíonn gá le scanadh.

14. Sáraithe

Is féidir go gcuirfí pribhléidí úsáidte ríomhairí duine ar fionraí láithreach má thagtar ar shárú ar cheann de na polasaithe. Tabharfar cuntas faoi rún don Chomhordaitheoir TEF faoi shárú ar bith.

D'fhéadfadh an Príomhoide an Comhordaitheoir TEF a ainmniú chun scrúdú a dhéanamh ar na córais ríomhaireachta ag am ar bith gan fógra chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí le polasaithe inmheánacha, chun cabhrú le fiosraithe inmheánach agus chun cabhrú le bainistíocht agus le cosaint córais acmhainní eolais na scoile.

Pléifear le sáraithe ar na polasaithe seo sa tslí céanna le sáraithe ar pholasaithe scoile eile gus d'fhéadfaí smachtbhannaí a chur i bhfeidhm. Tá raon iomlán na smachtbhannaí ar fáil. Ina measc seo tá cailliúint pribhléidí úsáidte ríomhairí, fionraí no eisiamh on gColáiste, inchur na nGarda i agus gníomhaíocht dlíthiúil. D'fhéadfadh gur coir a bheadh i gcuid de na sáraithe seo.

15. Reachtaíocht

Glacann Coláiste Eoin lena bhfuil sa reachtaíocht seo a leanas maidir le húsáid an idirlín agus feidhmíonn sé dá réir. Ba choir do dhaltaí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí bheith eolach air:

- An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003
- An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998
- An tAcht Tascartha 1993

- An tAcht um Fhístaifeadtaí 1989
- An tAcht um Chosaint Sonraí 1988
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997

16. Struchtúir Thacaíochta

Cuirfidh Coláiste Eoin eolas ar fail do dhaltaí agus do thuismitheoirí faoi na príomhstruchtúir tacaíochta atá ar fáil agus faoi eagraíochtaí tacaíochtaí a bhíonn ag déileáil le hábhar mídhleathach agus le húsáid dhochrach ar an idirlín de réir mar is gá.

17. Smachtbhannaí

Is féidir le gníomhaíocht smachta tarlú de bharr mí-úsáid fearais ríomhaireachta nó an idirlíon. Ina measc seo tá rabhadh scríofa, aistarraingt pribhléidí úsáidte, agus i ndroch-chás fionraí nó eisiamh. Forchoimeádann Coláiste Eoin an ceart tuairisc ar aon ghníomhaíocht mhídhleathach a chur ar fáil do na húdaráis chuí agus cabhair na nGardaí agus na n-údarás dlí a lorg más gá i gcás mórshárú ar an bPolasaí Úsáidte Inghlactha seo.

D'fhéadfaí iarraidh ar thuismitheoir seoladh IP cuntas idirlín baile a úsáidtear ar mhodh mailíseach no ionsaitheach ó thaobh cumarsáide chuige nó ón scoil a sholáthar. Bainfear úsáid as an seoladh IP chun foinse an ábhair mhailíseach nó ionsaitheach a chinntiú gan aon dabht.

18. Treoirlínte Breise

Cuirfidh Coláiste Eoin treoirlínte breise ar fáil maidir le córais agus le líonraí ríomhaireachta ar leith de réir mar is gá. Bainfidh na treoirlínte seo nithe eile a bhaineann le riaradh nó le cur i bhfeidhm córais a chuirfidh eispéireas foghlama den chéad scoth ar fáil do gach úsáideoir.

19. Athbhreithniú

Is i dtreo go mbainfidh gach úsáideoir leas as na deiseanna foghlama a chuireann acmhainní idirlín an Choláiste ar fáil i modh éifeachtach, sábháilte atá an Polasaí Úsáidte Inghlactha seo ann. Is pribhléid é úsáid agus rochtain ar an idirlíon. Is dócha go ndéanfaidh an Coláiste agus ionadaithe tuismitheoirí agus daltaí athbhreithniú bliantúil ar an bPolasaí Úsáide Inghlactha.